Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Nollaig 2023
(OR. en)

16891/23

LIMITE

ENER 702
CLIMA 655
CONSOM 490
TRANS 608
AGRI 828
IND 694
ENV 1504
COMPET 1277
FORETS 218

PUBLIC

**Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0445(NLE)**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1) |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 16140/23 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/2577 lena leagtar síos creat chun dlús a chur le himscaradh fuinnimh in-athnuaite<br>– Comhaontú polaitiúil (*) |

**RÉAMHRÁ**

1. An 28 Samhain 2023, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/2577 lena leagtar síos creat chun dlús a chur le himscaradh fuinnimh in-athnuaite[1].

2. Is é is aidhm do Rialachán (AE) 2022/2577 ón gComhairle ('an Rialachán Ceadúcháin') dul i ngleic leis an ngéarchéim fuinnimh, spleáchas an Aontais ar bhreoslaí iontaise na Rúise a laghdú agus cuspóirí aeráide an Aontais a chur chun cinn a thuilleadh trí dhlús a chur leis an bpróiseas deonaithe ceadanna agus le tionscadail fuinnimh in-athnuaite a imscaradh. Díríonn sé ar theicneolaíochtaí ar furasta iad a chur chun feidhme go tapa sa ghearrthéarma, a bhfuil acmhainneacht shuntasach acu tomhaltas gáis a laghdú agus, mar gheall ar a gcostas íseal oibríochtúil, a d'fhéadfadh cabhrú le billí fuinnimh a laghdú.

1 16140/23

3. Molann an Coimisiún go mbeidh feidhm ag an Rialachán Ceadúcháin leasaithe ón 1 Iúil 2024, agus feidhm ag Airteagal 1, Airteagal 2(1), Airteagal 3a nua, Airteagal 3(2), Airteagal 5(1), Airteagal 6 agus Airteagal 8 go dtí an 30 Meitheamh 2025.

4. Measann an Coimisiún go bhfuil rioscaí móra fós ann a bhaineann le luaineacht praghsanna gáis agus leictreachais agus le cinnteacht an tsoláthair san Aontas. Eascraíonn siad as an staid dheacair sna margaí fuinnimh, rud a chuaigh in olcas mar gheall ar an timpeallacht gheopholaitiúil theannasach. Tar éis athbhreithniú le déanaí ar an Rialachán Ceadúcháin, ceapann an Coimisiún go raibh tionchar dearfach aige ar dhlús a chur le himscaradh fuinnimh in-athnuaite san Aontas agus, dá bhrí sin, gur chuidigh sé le héifeachtaí na géarchéime fuinnimh a mhaolú. Dá bhrí sin, dá gcuirfí síneadh 12 mhí leis na rialacha ceadúcháin brostaithe sin, thar a n-éag sceidealaithe an 30 Meitheamh 2024, d'éascófaí cur in úsáid tapa foinsí in-athnuaite.

PUBLIC

**<u>STAID NA hIMEARTHA</u>**

5. Scrúdaíodh an togra ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal um Fhuinneamh an 5, an 7 agus an 12 Nollaig 2023.

6. Agus tuairimí na mBallstát curtha san áireamh aici, thíolaic an Uachtaránacht an chéad athbhreithniú ar an téacs[2] le haghaidh seisiún tuairimíochta ag an gcruinniú a bhí ag Coreper an 15 Nollaig 2023.

7. Le linn an chruinnithe sin, cé go raibh tacaíocht fhoriomlán ó na Ballstáit maidir leis an téacs comhréitigh, d'iarr roinnt Ballstát go dtabharfaí an deis dóibh dlús breise a chur le himscaradh tionscadal fuinnimh in-athnuaite ar bhonn deonach. Chuir cúpla Ballstát síos téacsanna do thogra chun na críche sin.

8. D'fhonn teacht ar chomhaontú polaitiúil ag an gComhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh (Fuinneamh) an 19 Nollaig 2023, rinne an Uachtaránacht breithniú cúramach ar na tograí dréachtaithe sin. Tá téacs athbhreithnithe curtha isteach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo inar coigeartaíodh Airteagal 3(2) chun é a ailíniú le foclaíocht reatha an Rialacháin Ceadúcháin.

[2] 16184/23

9. Rinneadh roinnt athruithe breise dlítheangeolaíocha agus stíle tríd síos an téacs chun é a fheabhsú, lena n-áirítear ailíniú na n-aithrisí comhionanna sna trí rialachán éigeandála.

10. Le hais an togra ón gCoimisiún, is i gcló **trom** agus líne tríothu atá na hathruithe marcáilte. Le hais 16184/23, is i g**<u>cló trom agus líne fúthu</u>** agus le **[...]** atá na hathruithe nua.

**<u>CONCLÚID</u>**

11. I bhfianaise an mhéid sin thuas, iarrtar ar an gComhairle scrúdú a dhéanamh ar an téacs comhréitigh ón Uachtaránacht, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo é, aon saincheist de chuid na dtoscaireachtaí atá fós gan réiteach a phlé agus teacht ar chomhaontú polaitiúil maidir leis an Rialachán seo ón gComhairle.

PUBLIC

PUBLIC

**RIALACHÁN (AE) 2023/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/2577 ón gComhairle lena leagtar síos creat chun dlús a chur le himscaradh fuinnimh in-athnuaite**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 122(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2022/2577 ón gComhairle[3], tugtar isteach bearta práinneacha agus spriocdhírithe chun dlús a chur le himscaradh foinsí fuinnimh in-athnuaite. Is féidir le himscaradh fuinnimh in-athnuaite san Aontas rannchuidiú go mór chun éifeachtaí na géarchéime fuinnimh a mhaol**ú** [...], trí shlándáil soláthair an Aontais a neartú, luaineacht sa mhargadh a laghdú agus [...] praghsanna fuinnimh a ísliú. Ós rud é go raibh nósanna imeachta ceadaithe fadálacha casta ina mbacainn mhór ar luas agus ar scála na n-infheistíochtaí i bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite agus i mbonneagar gaolmhar, bhí sé d'aidhm ag Rialachán (AE) 2022/2577 [...] bearta **breise práinneacha agus** spriocdhírithe a thabhairt isteach [...] chun **an** [..] dlús a chur láithreach le cuid de na nósanna imeachta deonaithe ceadanna is infheidhme maidir le teicneolaíochtaí sonracha fuinnimh in-athnuaite agus leis na cineálacha tionscadal [...] a bhfuil an poitéinseal [...] **is mó iontu** don imscaradh tapa chun éifeachtaí na géarchéime fuinnimh a mhaolú. **Beidh feidhm** ag Rialachán (AE) Uimh. 2022/2577 **[...]** go dtí an 30 Meitheamh 2024.

[3] **Rialachán (AE) 2022/2577 ón gComhairle an 22 Nollaig 2022 lena leagtar síos creat chun dlús a chur le himscaradh fuinnimh in-athnuaite (IO L 335, 29.12.2022, lch. 36).**

(2) Tháinig Treoir (AE) 2023/2413 ó Pharlaimint na hEorpa agus **ón** gComhairle[4], lena leasaítear Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus **ón** gComhairle[5], i bhfeidhm an 20 Samhain 2023, lena dtugtar isteach athruithe ar an gcreat reachtach lena rialaítear fuinneamh in-athnuaite go dtí 2030 agus ina dhiaidh sin, lena n-áirítear forálacha chun cuíchóiriú a dhéanamh ar na nósanna imeachta ceadaithe is infheidhme maidir le tionscadail fuinnimh in-athnuaite. Áiríodh cuid de na bearta a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2022/2577 [...] i dTreoir (AE) 2018/2001 **freisin trí bhíthin Treoir (AE) 2023/2413**. Mar sin féin, [...] níor léiríodh i d**Treoir (AE) 2023/2413** cuid de na bearta níos eisceachtúla atá i Rialachán (AE) 2022/2577, rud a chuir teorainn le [...] cineál eisceachtúil agus sealadach **na mbeart sin.** Ina ionad sin, [...] tugadh isteach leis an Treoir **sin** córas buan cobhsaí agus fadtéarmach chun dlús a chur le nósanna imeachta deonaithe ceadanna lena mbunaítear céimeanna agus nósanna imeachta tiomnaithe lena gceanglaítear tréimhse cur chun feidhme níos faide. Tá sé d'oibleagáid ar na Ballstáit **Treoir (AE) 2023/2413** a thrasuí [...] **ina ndlí náisiúnta** faoin 21 Bealtaine 2025, cé is moite de roinnt de na forálacha **maidir le** [...] nósanna imeachta deonaithe ceadanna, a bhfuil dáta trasuímh níos luaithe acu **i.e.** [...] an 1 Iúil 2024, **atá** díreach tar éis **dháta dheireadh bailíochta** [...] Rialachán **(AE)** 2022/2577. Tar éis thrasuí **Threoir (AE) 2023/2413[...]**, tairbheoidh tionscadail fuinnimh in-athnuaite de na forálacha a thugtar isteach leis an Treoir [...] **sin** chun nósanna imeachta deonaithe ceadanna a chuíchóiriú.

[4] **Treoir (AE) 2023/2413 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Deireadh Fómhair 2023 lena leasaítear Treoir (AE) 2018/2001, Rialachán (AE) 2018/1999 agus Treoir 98/70/CE a mhéid a bhaineann le fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn, agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle (IO L, 31.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2023/2413/oj).**

[5] **[...] Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn (athmhúnlú)(IO L 328, 21.12.2018, lch. 82).**

(3) De bhun [...] Rialachán (AE) 2022/2577, rinne [...] an Coimisiún [...] athbhreithniú ar an Rialachán s**in** faoin 31 Nollaig 2023[...], i bhfianaise fhorbairt shlándáil an tsoláthair agus praghsanna fuinnimh agus i bhfianaise an ghá le dlús breise a chur le himscaradh fuinnimh in-athnuaite, agus **chuir** [...] tuarascáil ar phríomhthorthaí an athbhreithnithe sin **faoi bhráid** na Comhairle. [...] **Bunaithe ar an athbhreithniú sin, mhol** [...] **an** Coimisiún gur cheart go gcuirfí **[...] síneadh le [...] bailíocht** roinnt forálacha sa Rialachán sin [...].

(4) Sa tuarascáil uaidh **an 28 Samhain 2023 maidir leis an athbhreithniú ar Rialachán (AE) 2022/2577 ón gComhairle an 22 Nollaig 2022 lena leagtar síos creat chun dlús a chur le himscaradh fuinnimh in-athnuaite** [...][6], chinn an Coimisiún gur comhlíonadh **na [...]** coinníollacha le haghaidh **síneadh a chur le bailíocht Rialachán (AE) 2022/2577** agus mhol sé síneadh a chur le bearta roghnaithe a bhfuil an poitéinseal is mó iontu [...] **an** dlús a chur le h**imscaradh foinsí in-athnuaite fuinnimh**,[...] **atá** éagsúil leis na **bearta** [...] i dTreoir (AE) 2018/2001, i gcás ina ndealraíonn sé go gcothóidh **na bearta sin** dlús tábhachtach i b**próiseas** ceadúcháin do thionscadail fuinnimh in-athnuaite agus **do** thionscadail **bonneagair** eangaí ghaolmhara nó go bhfuil **an** poitéinseal mór **iontu [...]** amhlaidh a dhéanamh. Cuireadh san áireamh gur tugadh isteach le Treoir (AE) 2023/2413 [...] **forálacha áirithe chun cuíchóiriú a dhéanamh ar na nósanna imeachta ceadaithe is infheidhme maidir le tionscadail fuinnimh in-athnuaite** i dTreoir (AE) 2018/2001 [...], lena n-áirítear rialacha maidir leis na topaicí céanna nó cinn chomhchosúla a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2022/[...] 2577. Cuireadh san áireamh freisin i ndáil le rialacha ceadúcháin arna dtabhairt isteach le Treoir (AE) 2023/2413, cé is moite de na rialacha a bhaineann le dlúslimistéar in-athnuaiteán de bhun Airteagail 15c agus 16a den Treoir sin, go gcaithfear iad a thrasuí faoin 1 Iúil 2024, díreach tar éis **dháta dheireadh bailíochta** [...] Rialachán (AE) 2022/2577.

PUBLIC

[6] **COM(2023) 764 final.**

(5) Ó tháinig Rialachán (AE) 2022/2577 i bhfeidhm, tá feabhas tagtha ar leibhéal na hullmhachta sa mhargadh leictreachais agus ar chinnteacht soláthair an Aontais. Tá rioscaí tromchúiseacha fós ann maidir le slándáil soláthair fuinnimh an Aontais. Is an-docht go fóill an staid dhomhanda ar an margadh gáis. Tá praghsanna gáis fós i bhfad níos airde ná mar a bhí siad roimh an ngéarchéim agus gabhann iarmhairtí dosheachanta leo ar chumhacht ceannaigh shaoránaigh an Aontais agus ar iomaíochas ghnólachtaí [...] an **Aontais**. Tá sé sin níos measa mar gheall ar luaineacht ard sa mhargadh a eascraíonn *inter alia* as **cúinsí**[...] geopholaitiúla diana. Leis na heachtraí a tharla le déanaí de luaineacht mhór praghsanna **i** samhradh agus i bhfómhar 2023, nuair a tháinig méadú níos mó ná 50 % ar phraghsanna laistigh de chúpla seachtain, de bharr imeachtaí mar shampla an stailc i saoráidí **gáis nádúrtha leachtaithe** (GNL) na hAstráile, géarchéim an Mheánoirthir [...] **nó** suaitheadh idirnascaire Mhuir Bhailt, léirítear go bhfuil na margaí fós [...] leochaileach agus **soghonta** [...] i leith turraingí measartha beag maidir leis an éileamh agus an sholáthar fiú. Faoi na dálaí **sin**, d'fhéadfadh an imní faoin nganntanas mar thoradh ar imeacht ar leith ar bith fiú a bheith ina chúis le freagairtí diúltacha sistéamacha ar fud an Aontais, rud a mbeadh iarmhairtí tromchúiseacha aige ar phraghsanna fuinnimh. Thairis sin, tá laghdú suntasach tagtha ar infhaighteacht na soláthairtí gáis don Aontas i gcomparáid leis na **dálaí** a bhí ann roimh an ngéarchéim, mar gheall ar an laghdú mór ar allmhairí gáis ó phíblíne na Rúise le bliain anuas. Leis an leibhéal allmhairí gáis píblíne atá ann faoi láthair, meastar go bhfaighidh an tAontas tuairim agus 20 **billiún méadar ciúbach** (bcm) de ghás ón Rúis **[...]** - tuairim agus 110 bcm níos lú ná in 2021. Dá bhrí sin, tá riosca mór ann go mbeidh ganntanais gháis san Aontas.

PUBLIC

(6) Tá na margaí gáis domhanda fós an-docht agus meastar go bhfanfaidh siad **amhlaidh**[...] go ceann **tréimhse** áirithe ama. Mar a thug an **Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh** (IEA) dá haire **i dTuarascáil Mheántéarmach maidir le Gás 2023**[7] **uaithi**, níor fhás soláthar GNL ró-mhór in 2022 (4 %) agus in 2023 (3 %). In **Ionchas Fuinnimh Domhanda 2023** ó IEA,[...] measann sé go mbeidh drochbhail fós ar chothromaíochtaí margaidh amach anseo **d'ainneoin go bhfuil sé socraithe go dtiocfaidh na hacmhainneachtaí nua GNL ar líne ó 2025**[8]**.**

PUBLIC

(7) Tá na géardheacrachtaí sin [...] níos measa mar gheall ar roinnt rioscaí breise, lena n-áirítear teacht aniar in éileamh GNL na hÁise, **lena bhféadfaí** [...] infhaighteacht gáis ar an margadh gáis domhanda **a laghdú**, geimhreadh fuar [...] **a** d'fhéadfadh a bheith ina chúis le méadú suas le 30 bcm **ar an éileamh ar** [...] ghás [...], **teagmhais** adhaimsire [...] a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don [...] stóráil hidreachumhachta agus don táirgeadh núicléach mar gheall ar leibhéil ísle uisce, **as a n-eascródh**[...] an méadú ina dhiaidh sin ar an éileamh ar ghiniúint cumhachta gásadhainte**,** [...] suaitheadh breise ar bhonneagair chriticiúla, cosúil leis **na** gníomhartha sabaitéireachta i gcoinne phíblínte Nord Stream i mí Mheán Fómhair 2022**[...]** [...] **nó** suaitheadh i bpíblíne nascóirí Mhuir Bhailt i mí Dheireadh Fómhair 2023, **agus** meath ar an timpeallacht gheopholaitiúil, go háirithe i **dtíortha agus** i réigiúin atá ábhartha **do** shlándáil an tsoláthair fuinnimh [...] [...] san **Aontas**, mar shampla an Úcráin, an Asarbaiseáin, agus an Meánoirthear.

---

**7** [...]
**8** [...]

(8) I bhfianaise an chomhardaithe theoranta[...] idir an soláthar agus an t-éileamh faoi láthair, d'fhéadfadh suaitheadh soláthar fuinnimh **beag**[...] fiú tionchar leathan a imirt ar phraghsanna gáis agus leictreachais, agus dochar tromchúiseach marthanach a dhéanamh do gheilleagar na hEorpa, rud a dhéanfadh difear **ar an gcaoi sin** dá iomaíochas, agus **a dhéanfadh dochar marthanach freisin** do shaoránaigh an Aontais. Mar gheall ar an staid atá ann faoi láthair, tá an tAontas uile neamhchosanta ar rioscaí a bhaineann le ganntanas fuinnimh agus praghsanna arda fuinnimh.

(9) Tá ról ríthábhachtach ag imscaradh luathaithe fuinnimh in-athnuaite i straitéis an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim fuinnimh agus i dtaca le slándáil an tsoláthair fuinnimh a mhéadú agus le tomhaltóirí a chosaint ar luaineacht praghsanna trí éileamh foriomlán an Aontais ar ghás a laghdú. **In Nuashonrú ar an Margadh Fuinnimh In-athnuaite mhí an Mheithimh 2023, dar teideal 'Cé mhéad airgid a shábhálann tomhaltóirí na hEorpa a bhuí le foinsí fuinnimh in-athnuaite?**' ó **IEA**, [...] mheas sé [...] go mbeadh meánphraghsanna mórdhíola leictreachais 8 % níos airde i margaí uile na hEorpa in 2022 gan an toilleadh in-athnuaite suiteáilte breise[9]. In 2022, tháinig táirgeadh leictreachais níos airde ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite in ionad tuairim agus 107 TWh de ghiniúint leictreachais iontaise-bhunaithe arb ionann é agus thart ar[...] 10 bcm gáis **agus**[...] a d'fhág go raibh coigilteas de bhreis agus EUR 10 mbilliún ann.

[9] [...]

(10) Cé go bhfuil Rialachán (AE) 2022/2577 i bhfeidhm ar feadh tréimhse theoranta [...], léiríodh sa tuarascáil ón gCoimisiún gur rannchuidigh sé go dearfach le luas[...] imscaradh foinsí in-athnuaite fuinnimh san Aontas a luathú, go háirithe trí na nósanna imeachta is infheidhme maidir le próisis shonracha deonaithe ceadanna a chuíchóiriú, agus trí fheasacht pholaitiúil a mhúscailt maidir leis an tábhacht a bhaineann le **dlús a chur le próiseas deonaithe ceadanna fuinnimh in-athnuaite** [...]. Cé go mbeidh an chuid is mó d'éifeachtaí an Rialacháin **sin**[...] le feiceáil sna míonna amach romhainn, maidir leis na sonraí tosaigh atá ar fáil maidir le táirgeadh, imscaradh agus [...] **próiseas deonaithe** ceadanna an fhuinnimh in-athnuaite agus na dtionscadal bonneagair lena mbaineann don tréimhse tar éis theacht i bhfeidhm [...] Rialachán **(AE) 2022/2577** tugtar le fios leo go gcuirfear dlús leis na tionscadail sin, ar a laghad i roinnt Ballstát. De réir Eurostat, sa chéad leath de 2023, bhí táirgeadh fuinnimh in-athnuaite san Aontas níos airde ná riamh, rud a cuireadh in ionad méideanna breise gáis.[10] Cuirtear i dtábhacht sa tuarascáil ón gCoimisiún freisin forbairtí dearfacha maidir le himscaradh an fhuinnimh in-athnuaite a mhéadú sna míonna tar éis theacht i bhfeidhm Rialachán **(AE)** 2022/2577. De réir sonraí tosaigh an tionscail, **i dtrí cheathrú de 2023**, [...] shuiteáil an [...]**tAontas** [...] níos mó acmhainneachtaí fótavoltacha gréine ná mar a rinne sé **le linn**[...] 2022 **ina iomláine**. Tháinig méadú mór freisin ar an toilleadh gaoithe i roinnt Ballstát. Ina theannta sin, léiríonn na sonraí atá ar fáil a bailíodh sa tuarascáil ón gCoimisiún go bhfuil méadú dúbailte tagtha ar líon na gceadanna a eisíodh le haghaidh tionscadail fuinnimh in-athnuaite i roinnt Ballstát ó tháinig [...] Rialachán **(AE) 2022/2577** i bhfeidhm. Ina theannta sin, i mBallstát amháin ar a laghad, na tionscadail eangaí **atá** tábhachtach chun dul i bhfód le haghaidh foinsí fuinnimh in-athnuaite a mhéadú agus **arb** ionann iad[...] agus os cionn 2 000 km san iomlán [...], tá siad ag tairbhiú [...] den [...]**phróiseas deonaithe** ceadanna luathaithe freisin.

PUBLIC

10 [...]

(11) Ós rud é go bhfuil rioscaí do sholáthairtí agus praghsanna fuinnimh fós ann, **bheadh**[...] luas níos tapúla maidir le tionscadail fuinnimh in-athnuaite a imscaradh **ag teastáil** [...] fós ar feadh tréimhse áirithe **ama** tar éis dheireadh mhí an Mheithimh 2024, chun deireadh a chur de réir a chéile leis na hallmhairí gáis ón Rúis atá fágtha. Níl aon amhras ach go neartódh sciartha níos airde fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite athléimneacht an Aontais a thuilleadh. Thairis sin, dá luaithe a chuirfear foinsí fuinnimh in-athnuaite i bhfeidhm, is ea is airde an tionchar dearfach ar athléimneacht, ar shlándáil an tsoláthair fuinnimh, ar phraghsanna fuinnimh agus ar neamhspleáchas an Aontais ó bhreoslaí iontaise na Rúise.

(12) Mar gheall ar an staid fuinnimh phráinneach agus éagobhsaí atá fós **os comhair** an Aontais, is gá <u>fadú a chur le cur i bhfeidhm</u>[...] forálacha <u>áirithe</u> [...] de Rialachán (AE) 2022/2577, is é sin na **forálacha** sin a léirigh an acmhainneacht is mó maidir le dlús a chur láithreach le foinsí fuinnimh in-athnuaite agus atá éagsúil leis na bearta a áirítear i dTreoir (AE) 2018/2001, agus, **ar an gcaoi sin**[...] á áirithiú nach bhfuil **fadú chur i bhfeidhm**[...] Rialachán (AE) 2022/2577 á dúbláil leis an Treoir sin. Thairis sin, áirítear ar na bearta sin coimircí iomchuí chun cosaint an chomhshaoil a áirithiú i bhfoirm coinníollacha sonracha maidir lena gcur i bhfeidhm. [...]Beidh feidhm ag **na bearta a áirítear i dTreoir (AE) 2018/2001** i gcomhthráth leis an **Rialachán**[...] seo, agus déanfar í a chomhlánú le bearta éigeandála breise ar feadh tréimhse teoranta ama. [...]**Mura gcuirfí <u>fadú [...]</u>** le **cur i bhfeidhm** Rialachán **(AE) 2022/2577**, **chruthófaí** [...] **an** [...] baol go gcuirfí moill ar an luas maidir le foinsí fuinnimh in-athnuaite agus bonneagar gaolmhar a cheadú agus a imscaradh, go háirithe sna Ballstáit a bhfuil úsáid fhorleathan bainte acu as an Rialachán [...] s**in**. Mar shampla, de réir na Gearmáine, d’fhéadfaí moill a chur ar shuiteáil tuairim agus 41 GW de chumhacht ghaoithe ar tír agus d’fhéadfadh sé go dtógfadh sé thart ar 2 bhliain níos faide nó i gcásanna áirithe stad ar fad gan **síneadh** a chur le **cur i bhfeidhm** Rialachán **(AE) 2022/2577**, go háirithe **a mhéad a bhaineann le dlús a chur le próiseas deonaithe ceadanna na dtionscadal fuinnimh in-athnuaite agus do bhonneagar eangaí gaolmhar atá riachtanach chun foinsí in-athnuaite a chomhtháthú sa chóras**[...]. Chuirfí moill chomh maith céanna, a mheastar a bheith idir 1[...] agus 3 bliana, ar luas an **<u>phróisis deonaithe</u>** ceadanna[...] **<u>maidir le</u>** [...]roinnt tionscadal mór eangaí tarchurtha arna bpleanáil, a mbeadh na mílte ciliméadar ar fad i gceist leo.

(13) Ceann de na bearta sealadacha a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2022/2577 a bhfuil éifeachtaí dearfacha léirithe aige agus a bhfuil acmhainneacht mhór luathaithe aige amach anseo is ea toimhde infhrisnéise a thabhairt isteach in Airteagal 3(1) go bhfuil leas sáraitheach poiblí ag baint le tionscadail fuinnimh in-athnuaite agus go bhfónann siad don tsláinte agus don tsábháilteacht phoiblí chun críoch maoluithe sonracha dá bhforáiltear i reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais, ach amháin i gcás ina bhfuil fianaise shoiléir ann go bhfuil éifeachtaí díobhálacha móra ag na tionscadail **sin**[...] ar an gcomhshaol nach féidir a mhaolú ná a chúiteamh. Le Treoir (AE) 2018/2001, **trí mheán Airteagal 16f de, tugadh isteach**[...] toimhde infhrisnéise go bhfuil leas sáraitheach poiblí ag baint le tionscadail fuinnimh in-athnuaite agus go bhfónann siad don tsláinte agus don tsábháilteacht phoiblí, agus foclaíocht ann atá beagnach comhionann **i gcomparáid le foclaíocht** [...] Airteagal 3**(1)** [...] de Rialachán (AE) 2022/2577. Dá bhrí sin, ní gá síneadh a chur le cur i bhfeidhm **Airteagal 3(1)**[...] **de Rialachán (AE) 2022/2577** ós rud é go mbeidh feidhm ag an toimhde **infhrisnéise** sin de bhua Airteagal 16f de Threoir (AE) 2018/2001.

(14) Mar sin féin, **ceanglaítear** [...] le hAirteagal 3**(2) de Rialachán (AE) 2022/2577**[...] [...] tosaíocht **a thabhairt do**[...] na tionscadail a aithnítear a bheith ar mhaithe le leas poiblí sáraitheach i gcás ina [...] gceanglaítear cothromaíocht idir leasanna dlíthiúla i [...] gcásanna aonair agus **i gcás** ina dtugann **na tionscadail sin** isteach [...] ceanglais bhreise maidir le cúiteamh chun speicis a chosaint. Níl [...] **foráil den chineál céanna** [...] i dTreoir (AE) 2018/2001. Leis an gcéad abairt d'Airteagal 3**(2)** de Rialachán (AE) 2022/2577, d'fhéadfaí, **sa staid fuinnimh reatha práinneach atá fós éagobhsaí ar an margadh fuinnimh atá os comhair an Aontais,** dlús breise a chur le tionscadail fuinnimh in-athnuaite ós rud é go gceanglaítear leis ar na Ballstáit [...] **na tionscadail fuinnimh in-athnuaite sin** a chur chun cinn trí thosaíocht a thabhairt dóibh agus iad ag déileáil le [...] **leasanna** éagsúla coinbhleachta [...] taobh amuigh de réimse an ábhair chomhshaoil **i gcomhthéacs phleanáil na mBallstát agus an phróisis deonaithe ceadanna**. **Léiríodh** sa tuarascáil ón gCoimisiún luach [...] **na chéad abairte d'Airteagal 3(2) de Rialachán (AE) 2022/2577**[...] lena n-aithnítear an tábhacht choibhneasta a bhaineann le fuinneamh in-athnuaite a imscaradh sa chomhthéacs deacair fuinnimh atá ann faoi láthair taobh amuigh de chuspóirí sonracha na maoluithe dá bhforáiltear sna [...] Treoracha dá dtagraítear in Airteagal 3(1) **de Rialachán(AE) 2022/2577**. [...] **I bhfianaise na staide thar a bheith dian maidir le soláthar fuinnimh atá san Aontas faoi láthair**, is iomchuí **[...] fadú a chur le cur i bhfeidhm Airteagal 3(2) de Rialachán (AE) 2022/2577** [...] chun aitheantas iomchuí a thabhairt don ról ríthábhachtach atá ag gléasraí fuinnimh in-athnuaite maidir leis an athrú aeráide agus an truailliú a chomhrac, praghsanna fuinnimh a laghdú, spleáchas an Aontais ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus **chun** slándáil soláthair an Aontais a áirithiú i gcomhthéacs leasanna dlíthiúla arna ndéanamh ag údaráis cheadaithe nó ag cúirteanna náisiúnta a chothromú. **Ag an am céanna, is iomchuí freisin an coimirce comhshaoil a choinneáil, i gcás tionscadal a aithnítear a bheith chun leasa sháraithigh phoiblí, go nglacfar bearta iomchuí caomhnaithe speiceas, a mbeidh acmhainní leordhóthanacha airgeadais mar bhonn taca leo.**

(15) Mar a léirítear sa tuarascáil ón gCoimisiún, tá dúshláin ann i dtaca le coinníoll eile a chur i bhfeidhm maidir le maoluithe sonracha a chur i bhfeidhm dá bhforáiltear i reachtaíocht chomhshaoil an Aontais, **eadhon an ceanglas maidir le** [...] gan réitigh mhalartacha eile a bheith ann[...]. Le dúshláin den sórt sin cuirtear teorainn le húsáideacht phraiticiúil an toimhde **infhrisnéise** go bhfuil tionscadail fuinnimh in-athnuaite**, a gceangal leis an eangach, an eangach ghaolmhar féin agus na sócmhainní stórála** ar mhaithe le leas poiblí sáraitheach, toisc gur bac mór é a chruthú nach bhféadfaí tionscadal a chur ar bun in áit eile, más gá críoch tíre ina hiomláine a chur san áireamh, agus níos mó fós más gá teicneolaíochtaí eile fuinnimh in-athnuaite a chur san áireamh. Dá bhrí sin, chun dlús a chur le himscaradh foinsí fuinnimh in-athnuaite, **a gceangal leis an eangach, agus tógáil an bhonneagair eangaí is gá chun fuinneamh in-athnuaite a chomhtháthú sa chóras leictreachais, ar cuspóir ríthábhachtach é a shainaithnítear sa <u>[...] mholadh ón gCoimisiún an 28 Samhain 2023 dar teideal 'Eangacha, an lúb ar lár – Plean Gníomhaíochta an Aontais le haghaidh Eangach'</u>,** is iomchuí **a shonrú, chun críocha an Rialacháin seo, an chaoi is féidir na coinníollacha chun maoluithe sonracha dá bhforáiltear i reachtaíocht an Aontais maidir leis an gcomhshaol <u>[...]</u>a bhaint amach, maidir le** [...] raon feidhme na gcoinníollacha ábhartha malartacha nach mór a mheas. Go háirithe, [...]chun críocha [...] dhlí ábhartha an Aontais maidir leis an gcomhshaol, sna measúnuithe cás ar chás is gá chun a fháil amach an ann do réitigh mhalartacha shásúla ar an tionscadal sonrach fuinnimh in-athnuaite **nó tionscadal bonneagair eangaí is gá chun fuinneamh in-athnuaite a chomhtháthú sa chóras leictreachais, ní mór a shonrú gur féidir le raon feidhme**[...] an mheasúnaithe [...] ar **réitigh** mhalartacha[...] **réitigh a chumhdach** a áirithíonn go mbainfear amach nacuspóirí céanna leis an tionscadal atá i **gceist[**...] laistigh den tráthchlár céanna nó tráthchlár comhchosúil agus gan costa**i**s i bhfad níos airde a bheith mar thoradh air. Agus comparáid á déanamh idir an tráthchlár agus an costas a bhaineann le réitigh mhalartacha shásúla, ba cheart do na Ballstáit a chur san áireamh gur gá fuinneamh in-athnuaite **agus bonneagar eangaí is gá chun <u>fuinneamh</u> in-athnuaite a chomhtháthú sa chóras leictreachais** a imscaradh ar bhealach brostaithe agus costéifeachtach i gcomhréir leis na tosaíochtaí a leagtar amach ina bpleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide **agus aon nuashonrú orthu** arna gcur isteach de bhun [...] Rialachán (AE) 2018/1999 **ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**[11] agus leis an luas a

---

[11] **Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an**

bhfuiltear ag súil leis go mbainfear amach na [...] **tosaíochtaí sin**. **Tá údar le sonraíocht shealadach den sórt sin i bhfianaise na staide reatha sna margaí fuinnimh chun glacadh gléasraí fuinnimh in-athnuaite agus an bhonneagair eangaí lena mbaineann a éascú agus, ar an gcaoi sin, aitheantas á thabhairt don ról atá acu an t-athrú aeráide agus an truailliú [...]a chomhrac, praghsanna fuinnimh [...]a laghdú, spleáchas an Aontais ar bhreoslaí iontaise [...]a laghdú agus slándáil soláthair an Aontais [...]a áirithiú.**

(16) Foráil eile a d'fhéadfadh dlús mór a chur le luas imscartha foinsí in-athnuaite fuinnimh is ea[...] Airteagal 5(1) de Rialachán (AE) 2022/2577**.** [...] Leis **an Airteagal sin**, forchuirtear sprioc-am uasta 6 mhí chun gléasraí fuinnimh in-athnuaite atá ann cheana a athchumhachtú. Tá [...] acmhainneacht mhór ag baint le hathchumhachtú gléasraí fuinnimh in-athnuaite atá ann cheana chun[...] giniúint cumhachta in-athnuaite[...] a mhéadú go tapa, rud a fhágann gur féidir ídiú gáis a laghdú. Leis sin is féidir úsáid leanúnach a bhaint as láithreáin a bhfuil acmhainneacht mhór fuinnimh in-athnuaite acu, rud a laghdaíonn an gá atá le láithreáin nua a ainmniú do thionscadail fuinnimh in-athnuaite. Trí ghléasra cumhachta fuinnimh gaoithe a athchumhachtú le tuirbíní níos éifeachtúla, is minic is féidir an acmhainneacht atá ann cheana a choinneáil ar bun, nó an acmhainneacht a mhéadú, agus tuirbíní **níos mó**[...] agus níos éifeachtúla a bheith acu, ach níos lú díobh. Chomh maith leis sin, téann sé chun tairbhe don athchumhachtú go mbíonn nasc ann cheana leis an eangach, gur dócha go mbeidh glacadh níos mó ag an bpobal leis agus go bhfuil eolas ar na tionchair atá ann don chomhshaol.

---

**11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 94/22/CE, Treoir 98/70/CE, Treoir 2009/31/CE, Treoir 2009/73/CE, Treoir 2010/31/AE, Treoir 2012/27/AE, agus Treoir 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2009/119/CE agus Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 21.12.2018, lch. 1).**


PUBLIC

(17) **San athbhreithniú uaidh de bhun Rialachán (AE) 2022/2577,** [...] chinn an Coimisiún [...]go **raibh** deis ann an próiseas deonaithe ceadanna is infheidhme maidir le hathchumhachtú tionscadal fuinnimh in-athnuaite a chuíchóiriú a thuilleadh, go háirithe sna[...] Ballstáit sin **a bhfuil**[...] acmhainneacht níos mó acu maidir le hathchumhachtú. Le Treoir (AE) 2023/2413 tugtar isteach roinnt forálacha ina leith sin i dTreoir (AE) 2018/2001, lena n-áirítear [...]sprioc-amanna uasta ceadaithe **a mhéid a bhaineann le deonú ceadanna**. Le hAirteagal 16b de Threoir (AE) 2018/2001, tugtar isteach sprioc-am uasta bliana chun tionscadail **fuinnimh in-athnuaite** atá lonnaithe lasmuigh de dhlúslimistéir in-athnuaiteán a athchumhachtú, agus áirítear in Airteagal 16a den Treoir sin sprioc-am 6 mhí le haghaidh tionscadail **fuinnimh in-athnuaite** atá lonnaithe [...]laistigh de na dlúslimistéir in-athnuaiteán. Ós rud é gurb é 27 mí ó theacht i bhfeidhm na Treorach **(AE) 2018/2001** (rud a chiallaíonn go gcaithfí na [...]**dlúslimistéir in-athnuaiteán** a bheith ainmnithe faoin 20 Feabhra 2026) an spriocdháta cur chun feidhme maidir le dlúslimistéir in-athnuaiteán a ainmniú, agus fiú dá **bhféadfaí** na **dlúslimistéir in-athnuaiteán** sin [...]a ainmniú níos luaithe, is iomchuí **síneadh a chur le** [...]cur i bhfeidhm Airteagal 5(1) de Rialachán (AE) 2022/2577. Áirítear leis **an síneadh sin**[...] leasú spriocdhírithe maidir le raon feidhme **Airteagal 5(1) de Rialachán (AE) 2022/2577**[...], chun a chur i bhfeidhm a theorannú do na réimsí a **ainmnítear** [...]de bhun Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2022/2577. Dá gcuirfí síneadh le cur i bhfeidhm Airteagal 5(1) den Rialachán sin, mar aon le cur i bhfeidhm [...]Airteagal 6 **de**, [...]d’áiritheofaí go mbeadh feidhm láithreach ag spriocdháta uaillmhianach ceadaithe maidir le tionscadail **fuinnimh in-athnuaite** atá lonnaithe sna limistéir shonracha arna sainaithint ag na Ballstáit go deonach faoi [...]Rialachán **(AE) 2022/2577** a athchumhachtú, agus bheadh feidhm ag na sprioc-amanna uasta chun tionscadail **fuinnimh in-athnuaite** a athchumhachtú atá i dTreoir (AE) 2018/2001 maidir leis an gcuid eile den chríoch. Thairis sin, tá sé sin comhsheasmhach leis an idirdhealú a thugtar isteach le Treoir (AE) 2023/2413 idir dlúslimistéir[...] in-athnuaiteán agus limistéir **nach bhfuil** [...] an stádas sin acu.

PUBLIC

(18) Le hAirteagal 6 de Rialachán (AE) 2022/2577, ceadaítear do na Ballstáit, faoi choinníollacha áirithe chun cosaint an chomhshaoil a áirithiú, díolúintí a thabhairt isteach ó oibleagáidí measúnaithe áirithe a bhaineann leis an gcomhshaol a leagtar síos i reachtaíocht chomhshaoil an Aontais do thionscadail fuinnimh in-athnuaite agus tionscadail stórála fuinnimh agus tionscadail eangaí leictreachais atá riachtanach chun fuinneamh in-athnuaite a chomhtháthú sa chóras leictreachais. Tá cur i bhfeidhm **Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2022/2577** [...]roghnach i gcás na mBallstát**.** Leis an **Airteagal sin**,[...] tugtar uirlis éifeachtach dóibh chun dlús a chur le himscaradh fuinnimh in-athnuaite agus[...] na dtionscadal bonneagair gaolmhar trína áirithiú go mbeidh cothromaíocht chúramach ann idir an gá atá le foinsí fuinnimh in-athnuaite a imscaradh ar luas i bhfad níos tapa agus an gá atá le cosaint limistéar atá íogair ó thaobh an chomhshaoil de a áirithiú. Mar a míníodh sa tuarascáil ón gCoimisiún, [...]d'eascair torthaí dearfacha nithiúla as **Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2022/2577** maidir le líon **na** dtionscadal **fuinnimh** in-athnuaite agus na dtionscadal eangaí **leictreachais** a d'éirigh leo agus atá á n-imscaradh, agus maidir le hacmhainneacht luathaithe agus an <u>nós **imeachta deonaithe**[...]</u> ceadanna a ghiorrú sna Ballstáit a bhain úsáid as. De réir thorthaí na tuarascála **ón**[...] gCoimisiún bunaithe ar mheastacháin arna gcur ar fáil ag na Ballstáit agus ag páirtithe leasmhara, d'fhéadfadh idir roinnt míonna **agus**[...] suas le 3 bliana fiú a bheith i gceist leis an luathú sin i gcás tionscadal amach ón gcósta.

(19) Bunaithe ar an bhfianaise a bailíodh sa tuarascáil ón gCoimisiún, is cosúil gur gá <u>**[...] síneadh**</u> **a chur le cur i bhfeidhm**[...] Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2022/2577 **i bhfianaise an dianteannais atá ann maidir le soláthar ar na margaí fuinnimh** chun a áirithiú go gcuirfear dlús láidir láithreach le tionscadail fuinnimh in-athnuaite. [...] Is féidir leis an Airteagal sin a bheith ann ar feadh tréimhse theoranta ama, agus ba cheart é a bheith ann, leis na forálacha a áirítear i [...]dTreoir (AE) 2018/2001 maidir le[...] dlúslimistéir[...] in-athnuaiteán a ainmniú (Airteagal 15c) agus na limistéir le haghaidh an bhonneagair eangaí agus stórála is gá chun fuinneamh in-athnuaite a chomhtháthú sa chóras leictreachais [...] **agus ní chuireann sé cosc le hainmniú na limistéar sin ar bhealach ar bith**.

PUBLIC

(20) Le[...] Treoir (AE) 2018/2001 forchuirtear an oibleagáid ar na Ballstáit dlúslimistéir in-athnuaiteán a ainmniú le haghaidh ceann amháin nó níos mó de theicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite laistigh de sprioc-am 27 mí ó theacht i bhfeidhm Threoir (AE) 2023/2413. Fiú dá **bhféadfadh** na Ballstáit dlúslimistéir in-athnuaiteán[...] a ainmniú ón nóiméad a tháinig Treoir (AE) 2023/2413[...] i bhfeidhm, gan fanacht **leis an**[...] sprioc-am trasuímh, teastaíonn am don [...] ainmniú **sin**, a mheastar a bheith níos faide ná an t-am is gá chun na limistéir thiomnaithe **in-athnuaite nó eangaí** dá dtagraítear in Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2022/2577 a ainmniú. Is amhlaidh atá toisc [...]nach gceanglaítear leis an [...] **Airteagal sin**[...] go mbunófaí láithreach [...] rialacha iomchuí **mar chuid den phlean lena n-ainmnítear dlúslimistéir in-athnuaiteán** na réimsí sin maidir le bearta maolaithe éifeachtacha atá le glacadh chun gléasraí fuinnimh in-athnuaite a shuiteáil agus stóráil fuinnimh chomhlonnaithe sna limistéir sin agus nach dtugtar isteach leis nósanna imeachta sonracha a bheidh le leanúint sna limistéir sin. Dá bhrí sin, chun tógáil tionscadal fuinnimh in-athnuaite a éascú a thuilleadh le linn tréimhse shealadach, ba cheart síneadh[...] a chur le cur i bhfeidhm Airteagal 6 **de Rialachán (AE) 2022/2577** , ionas gur féidir leis na Ballstáit limistéir shonracha a ainmniú ar bhealach cuíchóirithe, gan dochar don fhéidearthacht dlúslimistéir in-athnuaiteán a ainmniú i gcomhthráth de bhun [...]Threoir (AE) 2018/2001 chun a áirithiú go ndéanfar na limistéir sin a chur ar bun laistigh den sprioc-am a leagtar síos sa [...]Treoir **sin**.

PUBLIC

(21) [...]Áirítear i dTreoir (AE) 2018/2001 foráil lena dtugtar an deis do na Ballstáit [...] limistéir **a** [...]ainmn**iú** le haghaidh an bhonneagair eangaí agus stórála is gá chun fuinneamh in-athnuaite a chomhtháthú sa chóras leictreachais faoi choinníollacha áirithe. I bhfianaise chineál roghnach Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2022/2577 agus Airteagal 15e de Threoir (AE) 2018/2001, níl aon riosca dlíthiúil ann go dtiocfaidh siad salach ar a chéile ós rud é gur féidir leis na Ballstáit a chinneadh cén fhoráil a chuirfear i bhfeidhm nó a bheidh i bhfeidhm fiú le linn thréimhse chur i bhfeidhm an Rialacháin sin chun limistéir eangaí éagsúla a shainaithint i gcomhthráth, de réir na gcoinníollacha éagsúla a leagtar síos sna gníomhartha dlí sin, faoi seach.

PUBLIC

(22) Maidir le forálacha Choinbhinsiún Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UNECE) maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht [...] agus Rochtain ar Cheartas i gCúrsaí Comhshaoil ('Coinbhinsiún Aarhus') a mhéid a bhaineann le[...] rochtain ar fhaisnéis, rannpháirtíocht phoiblí i gcinnteoireacht[...] agus rochtain ar cheartas i gcúrsaí comhshaoil, leanann na forálacha sin, agus go háirithe na hoibleagáidí atá ar na Ballstáit a bhaineann le rannpháirtíocht phoiblí agus rochtain ar cheartas, de bheith infheidhme.

(23) Is prionsabal ginearálta **faoi**[...] dhlí an Aontais é prionsabal na dlúthpháirtíochta fuinnimh agus tá feidhm aige maidir leis na Ballstáit uile. Trí phrionsabal na dlúthpháirtíochta fuinnimh a chur chun feidhme, fágfaidh na bearta atá beartaithe go bhféadfar na héifeachtaí a bheidh ag imscaradh níos tapa tionscadal fuinnimh in-athnuaite, go bhféadfar na héifeachtaí sin a dháileadh thar theorainneacha. Tá feidhm ag na bearta maidir le suiteálacha fuinnimh in-athnuaite sna [...]Ballstáit agus gabhtar leo raon leathan tionscadal. i bhfianaise a chomhtháite atá margaí fuinnimh an Aontais, ba cheart aon mhéadú ar imscaradh fuinnimh in-athnuaite i mBallstát a bheith tairbheach[...]**freisin do** Bhallstáit eile ó thaobh shlándáil an tsoláthair agus praghsanna níos ísle de. Ba cheart go **gcuideodh**[...] sé le sreabhadh leictreachais in-athnuaite thar na teorainneacha chuig na háiteanna is mó ina bhfuil gá leis agus go n-áiritheofaí leis go n-onnmhaireofar leictreachas a ghintear go saor chuig na Ballstáit ina bhfuil an ghiniúint leictreachais níos costasaí. Ina theannta sin, beidh tionchar ag na hacmhainneachtaí fuinnimh in-athnuaite nuashuiteáilte sna Ballstáit ar an laghdú foriomlán ar an éileamh ar ghás ar fud an Aontais.

(24) Le hAirteagal 122(1) **den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (**CFAE**)**, cuirtear ar a chumas don Chomhairle cinneadh a dhéanamh, gan dochar d'aon nós imeachta eile dá bhforáiltear sna Conarthaí, ar thogra ón gCoimisiún agus de mheon dlúthpháirtíochta idir na Ballstáit, maidir leis na bearta is iomchuí don staid eacnamaíoch, go háirithe má thagann géardheacrachtaí chun cinn maidir le soláthar táirgí áirithe, go háirithe i réimse an fhuinnimh. I bhfianaise na [...]mbreithnithe **sin**, is amhlaidh[...] atá an [...]staid fuinnimh atá práinneach agus [...]éagobhsaí **fós** agus an gá práinneach atá ann dlús láithreach a chur le foinsí in-athnuaite fuinnimh mar ionstraim chun na rioscaí **do shlándáil** [...]sholáthar fuinnimh **an Aontais** agus do luaineacht praghsanna fuinnimh atá fós ann a mhaolú **mar a dhéantar cur síos air in Airteagal 122(1) CFAE**. Thairis sin, ní mór a chur san áireamh go bhfuil deireadh ag teacht le sainordú Pharlaimint na hEorpa, an t-am is gá chun reachtaíocht a ghlacadh faoin ngnáthnós imeachta reachtach, chomh maith leis an ngá atá ann go mbeadh intuarthacht agus deimhneacht dhlíthiúil ag na Ballstáit agus ag infheisteoirí maidir leis an gcreat dlíthiúil. Is gá **<u>síneadh</u> bliana** a chur le **cur i bhfeidhm**[...] [...] **roinnt**[...] forálacha de Rialachán (AE) 2022/2577 agus foráil nua a chur isteach chun freagairt ar an staid leanúnach agus, dá bhrí sin, tá bonn cirt le hAirteagal 122(1) CFAE a bheith mar bhunús dlí don Rialachán seo.



PUBLIC

(25) Tá práinn leis an ngá le gníomhú toisc go scoirfidh Rialachán (AE) 2022/2577 d'fheidhm a bheith aige an 30 Meitheamh 2024 agus ní mór soiléireacht a bheith ag infheisteoirí agus ag údaráis a luaithe is féidir maidir leis an gcreat dlíthiúil a bhfuil feidhm aige ina dhiaidh sin chun a gcinntí infheistíochta a chinntiú agus a dtionscadail a phleanáil dá réir. Dá bhrí sin, is iomchuí **gníomh dlíthiúil** a ghlacadh [...] **[...] lena gcuirtear síneadh le cur chun feidhme** [...] an Rialacháin sin roinnt míonna roimh dheireadh a chur i bhfeidhm. Ina theannta sin, mar gheall gur **tugadh** foráil nua **isteach**, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(26) Ba cheart síneadh sealadach a chur le cur i bhfeidhm na bhforálacha **ábhartha**[...] agus ba cheart go bhfanfadh sé i bhfeidhm, mar aon leis an bhforáil nua, go dtí an 30 Meitheamh 2025.

(27) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo a ghnóthú go leordhóthanach agus, **de bharr fhairsinge agus éifeachtaí na gníomhaíochta,** gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach.

(28) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2022/2577 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

*Leasuithe ar Rialachán (AE) 2022/2577*

PUBLIC

Leasaítear Rialachán (AE) 2022/2577 mar a leanas:

**(1)** In Airteagal 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad **na dara míre**[...]:

'Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na próisis deonaithe ceadanna uile a bhfuil dáta tosaigh acu laistigh dá thréimhse feidhme agus tá sé gan dochar d'fhorálacha náisiúnta lena mbunaítear sprioc-amanna níos giorra ná na sprioc-amanna a leagtar síos in Airteagal 5(1).';

**(2)** In Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás tionscadail a aithnítear mar thionscadail a bhfuil leas sáraitheach poiblí ag baint leo, go dtabharfar, agus leasanna dlíthiúla á gcothromú sa chás aonair, tosaíocht sa phróiseas pleanála agus deonaithe ceadanna do thógáil agus d'oibriú gléasraí agus suiteálacha le haghaidh táirgeadh fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite agus d'fhorbairt an bhonneagair eangaí lena mbaineann.

[...] [...]**M**aidir le cosaint speiceas, **ní bheidh feidhm ag an abairt roimhe seo ach amháin má dhéantar, agus a mhéid** a **dhéantar**,**[...]** bearta iomchuí caomhnaithe speiceas a chuidíonn le líon na speiceas a choinneáil ar bun nó a athbhunú ag stádas caomhantais fabhrach agus má **chuirtear** [...] acmhainní leordhóthanacha airgeadais chomh maith le limistéir ar fáil chun na críche sin.**'**

**(3)** cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

*'Airteagal 3a*

*Easpa réiteach malartach nó sásúil*

**1.** Agus measúnú á dhéanamh an bhfuil aon réiteach malartach sásúil ar thionscadal le haghaidh gléasra nó suiteáil chun fuinneamh a tháirgeadh ó fhoinsí in-athnuaite **agus é a nascadh leis an eangach** an chun críocha Airteagail 6(4) agus 16(1) de Threoir 92/43/CEE ón gComhairle, Airteagal 4(7) de Threoir 2000/60/CE agus Airteagal 9(1) de Threoir 2009/147/CE, féadfar a mheas go bhfuil an coinníoll sin comhlíonta mura bhfuil aon réiteach malartach sásúil ann a d'fhéadfadh cuspóir céanna an tionscadail atá i gceist a bhaint amach, go háirithe maidir leis an acmhainn fuinnimh in-athnuaite chéanna a fhorbairt tríd an teicneolaíocht fuinnimh chéanna laistigh den tráthchlár céanna nó laistigh de thráthchlár comhchosúil agus gan costais i bhfad níos airde a bheith mar thoradh air.

**2. Agus measúnú á dhéanamh an bhfuil aon réiteach malartach sásúil ar thionscnamh bonneagair eangaí is gá chun foinsí fuinnimh inathnuaite a chomhtháthú sa chóras leictreachais, chun críocha Airteagail 6(4) agus 16(1) de Threoir 92/43/CEE ón gComhairle, Airteagal 4(7) de Threoir 2000/60/CE agus Airteagal 9(1) de Threoir 2009/147/CE, féadfar a mheas go bhfuil an coinníoll sin comhlíonta mura bhfuil aon réiteach malartach sásúil ann a d'fhéadfadh cuspóir céanna an tionscadail atá i gceist a bhaint amach, laistigh den tráthchlár céanna nó laistigh de thráthchlár comhchosúil agus gan costais i bhfad níos airde a bheith mar thoradh air.**';

**(4)** in Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Maidir leis an bpróiseas deonaithe ceadanna chun tionscadail fuinnimh in-athnuaite atá lonnaithe i limistéar tiomnaithe dá dtagraítear in Airteagal 6 a athchumhachtú, lena n-áirítear na ceadanna a bhaineann le huasghrádú na sócmhainní is gá chun iad a nascadh leis an eangach i gcás ina dtiocfaidh méadú ar acmhainneacht mar thoradh ar an athchumhachtú, ní mhairfidh sé níos faide ná [...] **6** mhí lena n-áirítear measúnuithe tionchair comhshaoil i gcás ina gceanglaítear sin leis an reachtaíocht ábhartha.';

**(5)** [...] **Cuirtear** an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8:



PUBLIC

‘**Airteagal 8**

Tráthlínte don phróiseas deonaithe ceadanna chun gléasraí cumhachta fuinnimh in-athnuaite a athchumhachtú i limistéir thiomnaithe [...] **dá dtagraítear** in Airteagal 6

Agus na sprioc-amanna dá dtagraítear in Airteagal 5(1) á gcur i bhfeidhm, ní chomhairfear an t-am seo a leanas **laistigh** de na spriocdhátaí ach amháin nuair a bheidh sé i gcomhthráth le céimeanna riaracháin eile den phróiseas deonaithe ceadanna:

**(a) an t-am a bhfuil na gléasraí, a naisc eangaí agus, d’fhonn cobhsaíocht, iontaofacht agus sábháilteacht eangaí a áirithiú, an bonneagar eangaí riachtanach lena mbaineann á dtógáil nó á n-athchumhachtú lena linn; agus**

**(b) an t-am le haghaidh na gcéimeanna riaracháin atá riachtanach le haghaidh uasghráduithe suntasacha ar an eangach is gá chun cobhsaíocht, iontaofacht agus sábháilteacht eangaí a áirithiú.**’;

**(6)** In Airteagal 10, cuirtear an mhír seo a leanas [...] leis:

‘Mar sin féin, beidh feidhm ag Airteagail 1, 2(1), 3(2), **Airteagal 3a,** 5(1), 6 agus 8 go dtí an 30 Meitheamh 2025’**.**

*Airteagal 2*

*Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe
in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

Beidh feidhm ag an Rialachán seo ón 1 Iúil 2024. Mar sin féin, beidh feidhm ag Airteagal **1, pointe** (3) ón lá a thiocfaidh sé i bhfeidhm.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i/sa [...]**…**, **…**

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

PUBLIC